2025/2626

23.12.2025

Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook

(2025-2032)

I bhFIANAISE an dlúthchomhair idir na Páirtithe, go háirithe i gcomhthéacs an chaidrimh idir Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (Eagraíocht na Stát ACC) agus an tAontas Eorpach, agus mar gheall ar an mian choiteann atá acu an caidreamh sin a threisiú,

I bhFIANAISE an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook,

COMHAONTAÍONN NA PÁIRTITHE SA PHRÓTACAL SEO MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Tréimhse cur i bhfeidhm agus deiseanna iascaireachta

1. D'ainneoin Airteagal 12 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook ('an Comhaontú'), beidh feidhm ag an bPrótacal seo ar feadh tréimhse 6 bliana ó dháta a chur i bhfeidhm sealadach. Déanfar é a athnuachan go hintuigthe ar feadh tréimhse bhreise bliana, mura dtabharfar fógra foirceanta i gcomhréir le hAirteagal 11 den Phrótacal seo, agus ní chuirfear síneadh leis thar an 13 Deireadh Fómhair 2032.

2. Ó dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo, is mar seo a leanas a bheidh na deiseanna iascaireachta a dheonaítear faoi Airteagal 4 den Chomhaontú:

(a) 4 shoitheach peas-saighne a dhéanfaidh iascaireacht ar speicis mhórimirceacha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige 1982;

(b) 40 lá iascaireachta i limistéir iascaireachta Oileáin Cook in aghaidh na bliana.

3. Beidh feidhm ag mír 2 faoi réir Airteagal 3 den Phrótacal seo. Féadfaidh soithí de chuid an Aontais laethanta breise a cheannach i gcomhréir le Caibidil 2 den Iarscríbhinn.

4. De bhun Airteagal 4 den Chomhaontú, ní fhéadfaidh soithí de chuid an Aontais dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéir iascaireachta Oileáin Cook ach amháin má tá údarú iascaireachta acu arna eisiúint faoin bPrótacal seo i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis.

Airteagal 2

Ranníocaíocht airgeadais – Modhanna íocaíochta

1. Don tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 1, EUR 460 000 a bheidh sa ranníocaíocht airgeadais bhliantúil. Beidh feidhm ag mír 1 faoi réir Airteagail 4 agus 7.

2. Beidh dhá eilimint dhícheangailte sa ranníocaíocht airgeadais bhliantúil dá dtagraítear i mír 1:

(a) méid bliantúil EUR 165 000 le haghaidh rochtain ar limistéir iascaireachta Oileáin Cook; agus

(b) méid bliantúil EUR 295 000 chun tacú le beartas earnála iascaigh agus beartas muirí Oileáin Cook agus chun iad a chur chun feidhme.

3. Íocfaidh an tAontas na méideanna dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), tráth nach déanaí ná 90 lá ó dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo sa chéad bhliain. I gcás gach bliana ina dhiaidh sin, déanfar an íocaíocht tráth nach déanaí ná an dáta a chomhfhreagraíonn do dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo.

4. Déanfaidh údaráis Oileáin Cook agus an Aontais faireachán ar fhorbairt gníomhaíochtaí iascaireachta soithí iascaireachta de chuid an Aontais lena áirithiú go ndéanfar bainistíocht iomchuí ar na deiseanna iascaireachta a chuirtear ar fáil don Aontas, agus stádas na stoc agus na bearta ábhartha caomhnúcháin agus bainistíochta á gcur san áireamh.

5. Beidh lánrogha ag údaráis Oileáin Cook maidir leis an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 2, pointe (a) a úsáid.

6. Íocfar gach eilimint den ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 2 isteach i gcuntas bainc rialtais ainmnithe in Oileáin Cook. Cuirfear an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), ar fáil don eintiteas ábhartha a chuireann tacaíocht earnála iascaigh chun feidhme. Cuirfidh údaráis Oileáin Cook sonraí an chuntais bainc agus faisnéis faoin líne ábhartha sa dlí buiséadach náisiúnta ar fáil d'údaráis an Aontais in am trátha. Cuimseofar an méid seo a leanas ar a laghad i sonraí an chuntais bainc: (i) ainm an eintitis thairbhiúil; (ii) ainm shealbhóir an chuntais bainc; (iii) seoladh shealbhóir an chuntais bainc; (iv) ainm an bhainc; (v) an cód SWIFT; agus (vi) an uimhir IBAN.

Airteagal 3

Athbhreithniú meántéarma ar na deiseanna iascaireachta

Ag meántéarma chur chun feidhme an Phrótacail seo, déanfaidh an Comhchoiste an méid seo a leanas a mheasúnú agus, i gcás ina gcomhaontaítear sin, é a athbhreithniú: (i) na deiseanna iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 1, a mhéid a thacaíonn bearta caomhnúcháin agus bainistíochta an Choimisiúin Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir le hathbhreithniú den sórt sin; agus (ii) an ranníocaíocht airgeadais bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 2(2) den Phrótacal seo agus i mír 31 den Iarscríbhinn a ghabhann leis.

Airteagal 4

Tacaíocht earnála

1. Is é príomhchuspóir na tacaíochta earnála rannchuidiú le hiascaireacht fhreagrach a chur chun cinn agus a chur chun feidhme in uiscí iascaireachta Oileáin Cook, caomhnú agus saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh a ráthú sa chaoi go gcuirfidh rannchuidiú earnáil an iascaigh le slándáil bia, cruthú fostaíochta agus forbairt eacnamaíoch.

2. Cuideoidh an chomhpháirt tacaíochta earnála le comhlíonadh an ghealltanais a thug Oileáin Cook ina gClár Oibre Náisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe 2020+, agus Sprioc 11 'Ár mBithéagsúlacht agus ár gComhshaol Nádúrtha' dá chuid go háirithe.

3. Is é atá sa tacaíocht earnála méid breise agus comhlántach de bhreis ar an mbuiséad oibriúcháin intíre a leithdháiltear ar Aireacht Acmhainní Muirí Oileáin Cook.

4. Leagtar amach na rialacha cur chun feidhme maidir leis an tacaíocht earnála i bhFoscríbhinn 3.

Airteagal 5

Comhar maidir le hiascaireacht fhreagrach

1. Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bPrótacal seo, ag aithint dóibh cheannasacht agus chearta ceannasacha Oileáin Cook maidir lena n-acmhainní iascaigh, rachaidh na Páirtithe i gcomhar chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí soithí de chuid an Aontais in uiscí iascaireachta Oileáin Cook.

2. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar freisin, de réir mar is gá, chun faisnéis ábhartha staidrimh, bhitheolaíoch, eacnamaíoch, chaomhnaithe agus chomhshaoil a mhalartú a bhaineann le gníomhaíochtaí soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí iascaireachta Oileáin Cook chun acmhainní bitheolaíocha na mara a bhainistiú agus a chaomhnú.

3. Gabhann na Páirtithe orthu féin comhar a chur chun cinn maidir le caomhnú agus bainistiú freagrach iascaigh sa Choimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir, san Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas, sa Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas, agus aon eagraíocht fhoréigiúnach, réigiúnach agus idirnáisiúnta ábhartha eile.

4. Féadfaidh na Páirtithe comhar a chur chun cinn freisin maidir le réimsí breise a bhaineann le bainistiú éifeachtach freagrach iascaigh. Áirítear leis sin comhar le haghaidh bainistiú iascaigh, rochtain ar an margadh agus tacaíocht trádála, agus comhar níos leithne maidir le faireachán, rialú agus faireachas iascaigh.

Airteagal 6

Prionsabail lena rialaítear na coinníollacha fostaíochta

1. Níor cheart téarmaí agus coinníollacha fostaíochta iascairí ar bord soithí de chuid an Aontais a bheith contrártha do hionstraimí de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) is infheidhme maidir le hiascairí, go háirithe Dearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair (1998), arna leasú in 2022, agus Coinbhinsiún Uimh. 188 ó EIS maidir le hObair san Iascaireacht. Áirítear leis sin an méid seo a leanas: (i) urraim don tsaoirse comhlachais; (ii) aitheantas éifeachtach a thabhairt do cheart oibrithe chun cómhargála; (iii) saothar éignithe agus saothar leanaí a dhíothú; (iv) idirdhealú i leith fostaíochta agus slí bheatha a dhíothú; agus (v) timpeallacht oibre shábháilte shláintiúil agus dálaí cuibhiúla maireachtála agus oibre ar bord soithí de chuid an Aontais.

2. Geallann na Páirtithe oiliúint chuí d'iascairí a chur chun cinn, lena n-áirítear oiliúint dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta IMO maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Phearsanra Soithí Iascaireachta.

3. I gCaibidil 5 den Iarscríbhinn leagtar amach na rialacha cur chun feidhme maidir leis na coinníollacha fostaíochta.

Airteagal 7

Athbhreithniú ag an gComhchoiste ar na deiseanna iascaireachta agus na forálacha teicniúla

1. Féadfaidh an Comhchoiste na deiseanna iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 1 a mheasúnú agus cinneadh a dhéanamh iad a athbhreithniú, a mhéid a thacaíonn bearta caomhnúcháin agus bainistíochta an Choimisiúin Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir leis go gcuideoidh an t-athbhreithniú sin lena áirithiú go ndéanfar bainistiú inbhuanaithe ar thuinníní agus ar speicis atá cosúil le tuinníní san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir.

2. I gcás ina gcinnfidh an Comhchoiste na deiseanna iascaireachta a athbhreithniú, déanfar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (a), a choigeartú go comhréireach le líon na laethanta iascaireachta a chuirfidh Oileáin Cook ar fáil do shoithí an Aontais. Mar sin féin, ní bheidh an méid bliantúil iomlán a íocfaidh an tAontas níos mó ná dhá oiread na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (a).

3. Féadfaidh an Comhchoiste freisin, de réir mar is gá, aon fhoráil theicniúil den Phrótacal seo agus den Iarscríbhinn agus de na Foscríbhinní a ghabhann leis a scrúdú agus cinneadh a dhéanamh iad a oiriúnú trí chomhaontú frithpháirteach.

Airteagal 8

Rúndacht agus cosaint sonraí

1. Áiritheoidh Oileáin Cook agus an tAontas maidir le sonraí a mhalartófar faoin gComhaontú go n-úsáidfidh an t-údarás inniúil iad i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta agus chun críoch bainistithe agus chun faireachán, rialú agus faireachas a dhéanamh ar an iascach.

2. Maidir le sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus sonraí pearsanta a bhaineann le soithí de chuid an Aontais agus lena ngníomhaíochtaí iascaireachta, ar sonraí iad a fuarthas faoin gComhaontú, mar aon leis an bhfaisnéis uile atá íogair ó thaobh na tráchtála de a bhaineann le córais chumarsáide a úsáideann an tAontas, geallann na Páirtithe go n-áiritheoidh siad go bpléifear leo mar fhaisnéis atá rúnda. Áiritheoidh na Páirtithe nach gcuirfear ar fáil go poiblí ach sonraí comhiomlána a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar iascaireachta.

3. Déanfar sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach dlíthiúil, cóir agus trédhearcach i ndáil le hábhar na sonraí.

4. Próiseálfar i gcomhréir le Foscríbhinn 4 sonraí pearsanta a mhalartófar faoin gComhaontú. Féadfaidh an Comhchoiste tuilleadh coimircí agus leigheasanna dlí a chomhaontú i ndáil le sonraí pearsanta agus cearta na n-ábhar sonraí.

5. Na sonraí a mhalartaítear faoin gComhaontú, leanfar dá bpróiseáil i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le Foscríbhinn 4, fiú tar éis don Phrótacal seo dul in éag.

Airteagal 9

Malartuithe leictreonacha sonraí

1. Oibreoidh Oileáin Cook agus an tAontas i gcomhar le chéile chun córais a chur i bhfeidhm, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, chun faireachán agus malartú leictreonach a dhéanamh ar na sonraí agus na doiciméid uile a bhaineann le cur chun feidhme an Phrótacail seo maidir le gníomhaíochtaí soithí de chuid an Aontais.

2. Measfar gurb ionann an leagan leictreonach de dhoiciméad agus an leagan páipéir ar gach uile bhealach.

3. Cuirfidh Oileáin Cook agus an tAontas a chéile ar an eolas gan mhoill faoi aon mhífheidhmiú córais malartaithe sonraí leictreonacha a úsáidfear chun an Comhaontú a chur chun feidhme. Déanfar an fhaisnéis agus na doiciméid a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe a tharchur go huathoibríoch ansin trí mhodh cumarsáide malartach.

4. Na módúlachtaí a bhaineann le tarchur sonraí, lena n-áirítear na forálacha maidir le leanúnachas gnó, leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

Airteagal 10

Fionraí

1. Is féidir an Prótacal seo, lena n-áirítear an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (a) agus (b), a chur ar fionraí ar thionscnamh ceachtar de na Páirtithe sna cásanna agus faoi na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 13 den Chomhaontú.

2. Gan dochar d'Airteagal 3 den Phrótacal seo, féadfar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais a atosú a luaithe a dhéanfar an staid a bhí ann roimh na himeachtaí a luaitear in Airteagal 13 den Chomhaontú a athbhunú nó a luaithe a thiocfar ar shocrú i gcomhréir leis an gComhaontú.

Airteagal 11

Foirceannadh

Féadfar an Prótacal seo a fhoirceannadh ar thionscnamh ceachtar de na Páirtithe sna cásanna agus faoi na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 14 den Chomhaontú.

Airteagal 12

Oibleagáidí maidir le dul in éag nó foirceannadh an Phrótacail seo

1. Tar éis dhul in éag nó fhoirceannadh an Phrótacail i gcomhréir le hAirteagal 14 den Chomhaontú, leanfaidh longúinéirí de chuid an Aontais de bheith faoi dhliteanas i leith aon sárú ar an gComhaontú nó ar an bPhrótacal seo nó ar aon dlí de chuid Oileáin Cook a tharlaíonn roimh dhul in éag nó foirceannadh an Phrótacail seo, agus i leith aon táille cheadúnais nó aon dleacht amuigh nár íocadh tráth an dul in éag nó an fhoirceanta.

2. I gcás inar gá, leanfaidh na Páirtithe d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na tacaíochta earnála dá bhforáiltear faoi Airteagal 2(2), pointe (b), i gcomhréir le hAirteagal 3(1), agus na rialacha cur chun feidhme maidir le tacaíocht earnála.

Airteagal 13

Cur i bhfeidhm sealadach

Nuair a shíneoidh na Páirtithe an Prótacal seo, cuirfear i bhfeidhm go sealadach é sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

Airteagal 14

Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm an dáta a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile faoi chomhlánú na nósanna imeachta is gá chun na críche sin.

2. Seolfar an fógra dá dtagraítear i mír 1, a mhéid a bhaineann leis an Aontas, chuig Ardrúnaíocht na Comhairle.

Airteagal 15

Téacsanna barántúla

1. Tarraingeofar an Prótacal suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

2. I gcás easaontas idir téacsanna an Phrótacail seo, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas chun críocha a chur chun feidhme agus a léirmhínithe.

Съставено в Брюксел на девети декември две хиляди двадесет и пета година.

Hecho en Bruselas, el nueve de diciembre de dos mil veinticinco.

V Bruselu dne devátého prosince dva tisíce dvacet pět.

Udfærdiget i Bruxelles den niende december to tusind og femogtyve.

Geschehen zu Brüssel am neunten Dezember zweitausendfünfundzwanzig.

Kahe tuhande kahekümne viienda aasta detsembrikuu üheksandal päeval Brüsselis.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις εννέα Δεκεμβρίου δύο χιλιάδες είκοσι πέντε.

Done at Brussels on the ninth day of December in the year two thousand and twenty five.

Fait à Bruxelles, le neuf décembre deux mille vingt-cinq.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an naoú lá de Nollaig sa bhliain dhá mhíle fiche a cúig.

Sastavljeno u Bruxellesu devetog prosinca godine dvije tisuće dvadeset pete.

Fatto a Bruxelles, addì nove dicembre duemilaventicinque.

Briselē, divi tūkstoši divdesmit piektā gada devītajā decembrī.

Priimta du tūkstančiai dvidešimt penktų metų gruodžio devintą dieną Briuselyje.

Kelt Brüsszelben, a kétezerhuszonötödik év december havának kilencedik napján.

Magħmul fi Brussell, fid-disa' jum ta' Diċembru fis-sena elfejn u ħamsa u għoxrin.

Gedaan te Brussel, negen december tweeduizend vijfentwintig.

Sporządzono w Brukseli dnia dziewiątego grudnia roku dwa tysiące dwudziestego piątego.

Feito em Bruxelas, em nove de dezembro de dois mil e vinte e cinco.

Întocmit la Bruxelles la nouă decembrie două mii douăzeci și cinci.

V Bruseli deviateho decembra dvetisícdvadsaťpäť.

V Bruslju, devetega decembra dva tisoč petindvajset.

Tehty Brysselissä yhdeksäntenä päivänä joulukuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäviisi.

Som skedde i Bryssel den nionde december år tjugohundratjugofem.

За Европейския съюз
Por la Unión Europea
Za Evropskou unii
For Den Europæiske Union
Für die Europäische Union
Euroopa Liidu nimel
Για την Ευρωπαϊκή Ένωση
For the European Union
Pour l'Union européenne
Thar ceann an Aontais Eorpaigh
Za Europsku uniju
Per l'Unione europea
Eiropas Savienības vārdā –
Europos Sąjungos vardu
Az Európai Unió részéről
Għall-Unjoni Ewropea
Voor de Europese Unie
W imieniu Unii Europejskiej
Pela União Europeia
Pentru Uniunea Europeană
Za Európsku úniu
Za Evropsko unijo
Euroopan unionin puolesta
För Europeiska unionen



За правителството на островите Кук
Por el Gobierno de las Islas Cook
Za vládu Cookových ostrovů
For Cookøernes regering
Für die Regierung der Cookinseln
Cooki saarte valitsuse nimel
Για την κυβέρνηση των Νήσων Κουκ
For the Government of the Cook Islands
Pour le gouvernement des Îles Cook
Thar ceann Rialtas Oileáin Cook
Za Vladu Cookovih otoka
Per il governo delle Isole Cook
Kuka Salu valdības vārdā –
Kuko Salų Vyriausybės vardu
A Cook-szigetek kormánya részéről
Għall-Gvern tal-Gżejjer Cook
Voor de regering van de Cookeilanden
W imieniu Rządu Wysp Cooka
Pelo Governo das Ilhas Cook
Pentru Guvernul Insulelor Cook
Za vládu Cookovych ostrovov
Za vlado Cookovih otokov
Cookinsaarten hallituksen puolesta
För Cooköarnas regering



IARSCRÍBHINN

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA MAIDIR LE SOITHÍ DE CHUID AN AONTAIS ATÁ ÚDARAITHE LE hIASCAIREACHT A DHÉANAMH IN UISCÍ IASCAIREACHTA OILEÁIN COOK

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Sainmhínithe

1. Ciallaíonn 'údarás inniúil':

   (a) thar ceann an Aontais Eorpach ('an tAontas'): an Coimisiún Eorpach;

   (b) maidir le hOileáin Cook: an Aireacht Acmhainní Muirí.

2. Ciallaíonn 'údarú iascaireachta' teidlíocht nó ceadúnas bailí chun dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta, maidir le speicis shonracha, agus trealamh sonrach á úsáid, laistigh de na limistéir iascaireachta sonraithe i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo.

3. Ciallaíonn '*force majeure*' caillteanas nó bac gluaiseachta fada soithigh mar gheall ar chliseadh teicniúil tromchúiseach.

4. Ciallaíonn 'lá iascaireachta' aon iascaireacht le linn lá féilire, nó le linn cuid de thréimhse 24 uair an chloig (00:00 - 24:00) an lae féilire sin, a dhéanann soitheach peas-saighne de chuid an Aontais ar lena linn atá soitheach peas-saighne de chuid an Aontais in uiscí iascaireachta Oileáin Cook, ach ní áirítear leis lá féilire, nó cuid de lá féilire, a ainmnítear mar lá neamhiascaireachta.

Teagmhálaithe

5. Malartóidh na Páirtithe, roimh thús chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo, na sonraí teagmhála ábhartha uile chun an Prótacal seo a chur chun feidhme.

6. Cóipeálfar Toscaireacht an Aontais don Aigéan Ciúin isteach sna malartuithe cumarsáide uile idir na húdaráis inniúla a bhaineann le cur chun feidhme na hIarscríbhinne seo.

7. Sula gcuirfear tús le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo, tabharfaidh Oileáin Cook fógra don Aontas faoi shonraí chuntais Státchiste Poiblí Oileáin Cook ina mbeidh na táillí is iníoctha ag soithí de chuid an Aontais faoin bPrótacal seo le híoc. Is iad na longúinéirí a íocfaidh na costais a bhaineann le haistrithe bainc.

CAIBIDIL II

ÚDARUITHE IASCAIREACHTA

Soithí incháilithe de chuid an Aontais

8. Chun go mbeidh soitheach de chuid an Aontais incháilithe le húdarú iascaireachta a fháil, ní bheidh toirmeasc ar longúinéir, ar an máistir ná ar an soitheach féin iascaireacht a dhéanamh in uiscí iascaireachta Oileáin Cook. Comhlíonfaidh siad dlí Oileáin Cook, agus beidh na réamhoibleagáidí uile a eascraíonn as a ngníomhaíochtaí iascaireachta in Oileáin Cook faoi chomhaontuithe iascaigh a tugadh i gcrích leis an Aontas comhlíonta acu. Thairis sin, comhlíonfaidh siad reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le húdaruithe iascaireachta, liostófar iad ar thaifead an Choimisiúin Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC) ar shoithí iascaireachta agus ar chlár soithí Ghníomhaireacht Iascaigh Fhóram Oileáin an Aigéin Chiúin (FFA), agus ní bheidh siad ar liosta soithí neamhdhleathacha, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe (NNN) de chuid eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh.

Gníomhaire an tsoithigh

9. Féadfaidh gníomhaire (cuideachta nó duine) a bhfuil cónaí air in Oileáin Cook ionadaíocht a dhéanamh ar na soithí iascaireachta uile de chuid an Aontais atá ag cur isteach ar údarú iascaireachta, tar éis fógra a thabhairt go hiomchuí d'údarás inniúil Oileáin Cook.

Limistéir iascaireachta

10. Soithí de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta acu arna eisiúint ag Oileáin Cook, údarófar iad le dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí iascaireachta Oileáin Cook seachas limistéir faoi chosaint nó limistéir thoirmiscthe.

11. Cuirfidh Oileáin Cook in iúl don Aontas aon mhodhnú ar chomhordanáidí uiscí iascaireachta Oileáin Cook agus limistéir faoi chosaint nó limistéir choiscthe iascaireachta i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chomhaontú.

Tréimhse bhailíochta údaraithe iascaireachta

12. Beidh údarú iascaireachta bailí ar feadh 1 bhliain amháin, ar a dtugtar 'an tréimhse bhailíochta bhliantúil'. Cinnfear dáta tosaigh na tréimhse sin de réir dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo. Tiocfaidh deireadh leis na húdaruithe iascaireachta uile ina dhiaidh sin ar an dáta a chomhfhreagraíonn do dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo.

13. Más rud é, i gcás aon imthosca gan choinne, go gcuirfear moill ar údarú iascaireachta a eisiúint, tiocfaidh deireadh le bailíocht an údaraithe iascaireachta mar sin féin ar an dáta a chomhfhreagraíonn do dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo. Déanfar líon iomlán na laethanta iascaireachta le haghaidh na tréimhse bliantúla bailíochta dá ndéantar difear a choigeartú i gcomhréir leis an líon bailí laethanta faoin údarú iascaireachta. Aisíocfaidh Oileáin Cook an chuid de na réamhtháillí nár úsáideadh a d'íoc na longúinéirí, arna ríomh *pro rata temporis*, ach amháin má chinneann na longúinéirí líon na laethanta iascaireachta a choinneáil le haghaidh na tréimhse bliantúla bailíochta dá ndéantar difear.

Iarratas ar údarú iascaireachta

14. Ní fhéadfaidh ach soithí incháilithe de chuid an Aontais údarú iascaireachta a fháil faoin bPrótacal seo.

15. Cuirfidh an tAontas iarratas ar údarú iascaireachta faoi bhráid údarás inniúil Oileáin Cook le haghaidh gach soithigh de chuid an Aontais ar mian léi dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí iascaireachta Oileáin Cook 20 lá oibre ar a laghad roimh dháta tosaigh ionchasach na ngníomhaíochtaí iascaireachta. Soláthróidh Oileáin Cook an fhaisnéis uile is gá maidir leis an bpróiseas ceadúnúcháin don Aontas 1 mhí amháin roimh theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo agus go bliantúil ina dhiaidh sin. Beidh ainm úinéirí tairbhiúla an tsoithigh ar fáil san iarratas ar údarú iascaireachta.

16. Íocfaidh na longúinéirí an réamhtháille atá dlite le haghaidh na tréimhse bliantúla bailíochta.

17. Cuirfidh an tAontas gach iarratas ar údarú iascaireachta faoi bhráid údarás inniúil Oileáin Cook go leictreonach trí úsáid a bhaint as an bhfoirm a chuirfidh an Aireacht Acmhainní Muirí ar fáil, nó as an gcóras leictreonach arna chur chun feidhme ag an Aireacht Acmhainní Muirí, agus na doiciméid seo a leanas á gcur i gceangal aige:

(a) cruthúnas gur íocadh an réamhtháille le haghaidh thréimhse bhailíochta an údaraithe iascaireachta;

(b) grianghraif dhaite dhigiteacha a rinneadh le déanaí (le 12 mhí anuas nó níos lú) den soitheach agus dátstampa leo, iad de thaifeach leordhóthanach, a léiríonn amharc cliathánach ar an soitheach, lena n-áirítear ainm an tsoithigh agus marcálacha an tsoithigh;

(c) cóip de dheimhniú trealaimh sábháilteachta an tsoithigh;

(d) cóip de dheimhniú clárúcháin an tsoithigh;

(e) cóip de dheimhniú rialála sláintíochta an tsoithigh;

(f) cóip den deimhniú clárúcháin FFA;

(g) plean stuála.

18. Áireofar leis na híocaíochtaí a dhéanfaidh soithí de chuid an Aontais na muirir náisiúnta agus áitiúla uile seachas cánacha calafoirt agus muirir sheirbhíse.

19. I gcás iarratas atá neamhiomlán nó nach gcomhlíonann na ceanglais faoi mhír 17, tabharfaidh údaráis Oileáin Cook fógra d'údarás inniúil an Aontais, laistigh de 7 lá oibre tar éis dóibh an t-iarratas a fháil, faoi na cúiseanna a mheastar go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán nó nach gcomhlíonann sé na ceanglais faoi mhír 17.

Údarú iascaireachta a eisiúint

20. Eiseoidh Oileáin Cook an t-údarú iascaireachta laistigh de 15 lá oibre ón iarratas iomlán a fháil.

21. Déanfaidh údarás inniúil Oileáin Cook an t-údarú iascaireachta a tharchur gan mhoill trí mheán leictreonach chuig an longúinéir agus chuig údarás inniúil an Aontais. An tráth céanna, seolfaidh údarás inniúil Oileáin Cook údarú iascaireachta i bhfoirm páipéir chuig an longúinéir.

22. Ar eisiúint an údaraithe iascaireachta dó, déanfaidh údarás inniúil Oileáin Cook an soitheach a áireamh ar an liosta de shoithí iascaireachta de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh i limistéir iascaireachta Oileáin Cook. Cuirfear an liosta sin ar fáil d'eintitis ábhartha faireacháin, rialaithe agus faireachais Oileáin Cook agus d'údarás inniúil an Aontais.

23. Cuirfear leagan páipéir den údarú iascaireachta in ionad an leagain leictreonaigh a luaithe is féidir.

24. Eiseofar údarú iascaireachta do shoitheach ar leith agus ní bheidh sé inaistrithe.

25. Coinneofar an t-údarú iascaireachta (i bhfoirm leictreonach nó páipéir nuair a bheidh sé ar fáil) ar bord an tsoithigh i gcónaí.

Laethanta iascaireachta a aistriú

26. Féadfar laethanta iascaireachta arna gceannach a aistriú idir oibreoirí soithí de chuid an Aontais. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh na hoibreoirí údaráis inniúla Oileáin Cook agus an Aontais ar an eolas 72 uair an chloig roimh ré, ar a laghad, agus tabharfaidh siad fógra dóibh faoin líon laethanta iascaireachta a bheidh le roinnt idir na soithí lena mbaineann, i measc nithe eile. Admhóidh Oileáin Cook go bhfuarthas an fógra faoin aistriú. Ní thiocfaidh an t-aistriú chun a bheith oibríochtúil go dtí go n-eiseofar an admháil sin.

Force majeure

27. I gcás ina gcruthófar *force majeure*, agus arna iarraidh sin don Aontas, féadfar údarú iascaireachta soithigh a chur ar fionraí agus a aistriú, le linn na tréimhse a bheidh fágtha dá bhailíocht, chuig soitheach incháilithe eile ina bhfuil saintréithe comhchosúla agus a bhféadfar údarú iascaireachta nua a eisiúint di.

28. Eiseofar údarú iascaireachta don soitheach incháilithe nua i gcomhréir le míreanna 14 go 25, gan réamhíocaíocht nua a bheith ina ceangaltas.

Táillí ar údarú iascaireachta

29. Ní eiseofar údarú iascaireachta go dtí go mbeidh íocaíocht bhliantúil EUR 90 000 íoctha ag an soitheach de chuid an Aontais lena mbaineann. Tabharfar leis sin an ceart don soitheach iascaireachta iascaireacht a dhéanamh ar feadh 10 lá iascaireachta.

30. Féadfaidh longúinéirí laethanta iascaireachta breise a cheannach ó údaráis Oileáin Cook sa bhreis ar na laethanta sin a ceannaíodh faoi mhír 29, ach iad a bheith ar fáil. Is é an praghas a bheidh le híoc ag na longúinéirí as na laethanta breise EUR 14 850 in aghaidh an lae.

31. Déanfaidh an Comhchoiste na táillí is iníoctha faoi mhíreanna 29 agus 30 a mheasúnú agus, i gcás ina gcomhaontófar é, iad a athbhreithniú ag meántéarma chur chun feidhme an Phrótacail seo.

32. Más rud é, i mbliain deiridh chur i bhfeidhm an Phrótacail seo, gur lú ná bliain an rochtain a bheidh ag soithí de chuid an Aontais ar uiscí iascaireachta Oileáin Cook, déanfar na táillí is iníoctha faoi mhír 29 a choigeartú *pro rata temporis*. Ní dhéanfar aon choigeartú ar na táillí is iníoctha má chuireann longúinéirí in iúl d'údarás inniúil Oileáin Cook gur mian leo na cearta iascaireachta i gcomhréir le mír 29 a choinneáil.

CAIBIDIL III

FAIREACHÁN AR AN IASCACH

Bainistiú díchill

33. Tabharfaidh Oileáin Cook fógra d'údaráis an Aontais nuair a bhainfear 85 % de dhícheall iomlán na laethanta iascaireachta amach. Tar éis dóibh an fógra sin a fháil, tabharfaidh údaráis an Aontais fógra láithreach do na Ballstáit.

34. Déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú, le linn a chruinnithe bhliantúil, ar an úsáid bhliantúil a bhaineann soithí de chuid an Aontais as laethanta iascaireachta.

Laethanta neamhiascaireachta

35. Ceanglaítear ar longúinéirí soithí de chuid an Aontais éilimh ar laethanta neamhiascaireachta a thaisceadh agus úsáid á baint as an bhfoirm i bhFoscríbhinn 1. 7 lá féilire ón dáta a tharla an lá neamhiascaireachta an sprioc-am chun lá neamhiascaireachta a thaisceadh, seachas sin ní dhéanfaidh údarás inniúil Oileáin Cook é a phróiseáil. 7 lá féilire ón dáta a thaisc an longúinéir soithigh de chuid an Aontais an t-éileamh ar an lá neamhiascaireachta an sprioc-am d'údarás inniúil Oileáin Cook an t-éileamh ar lá neamhiascaireachta a phróiseáil.

36. I gcás ina ndiúltóidh údarás inniúil Oileáin Cook d'éileamh longúinéir soithigh de chuid an Aontais ar lá neamhiascaireachta, agus nach n-aontaíonn longúinéir an tsoithigh leis an gcinneadh sin, féadfaidh longúinéir an tsoithigh a iarraidh ar a Bhallstát brataí agus ar údarás inniúil an Aontais dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí ábhartha d'fhonn teacht ar réiteach ar an díospóid.

Tuairisciú leictreonach

37. Cuirfidh soithí de chuid an Aontais tuarascálacha sonracha maidir lena ngníomhaíochtaí faoi bhráid údarás inniúil Oileáin Cook, go dtí go mbeidh córais tuairiscithe leictreonacha curtha chun feidhme ag an dá Pháirtí.

38. I gcás ina gcuirtear córais tuairiscithe leictreonacha chun feidhme, agus ina dtarlaíonn mífheidhm theicniúil, ní fhéadfaidh soithí de chuid an Aontais leanúint de ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh gan próisis tuairiscithe de láimh a chur chun feidhme láithreach. Leagtar amach na próisis tuairiscithe de láimh sin i míreanna 40 go 53 agus i bhFoscríbhinní 1 agus 2.

39. Féadfaidh Oileáin Cook athbhreithniú a dhéanamh ar aon fhoirm sonraí, aon chaighdeán, aon sonraíocht agus aon nós imeachta laistigh den Phrótacal seo chun ceanglais náisiúnta agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh. Má bheartaítear aon athrú a dhéanamh, rachaidh údarás inniúil Oileáin Cook i gcomhairle le húdarás inniúil an Aontais agus cuirfidh sé comhairle air maidir le haon athbhreithniú atá beartaithe, seachas na hathbhreithnithe sin a ghlac WCPFC.

Bileoga loga

40. Comhlánóidh soithí de chuid an Aontais bileoga loga réigiúnacha peas-saighne Phobal an Aigéin Chiúin/FFA, atá le fáil ar shuíomh gréasáin Phobal an Aigéin Chiúin, in aghaidh an lae le linn turas iascaireachta, lena n-áirítear é sin a dhéanamh nuair nach ann do ghabháil nó le linn idirthurais. Líonfaidh máistir an tsoithigh nó a ionadaí an fhoirm chun go mbeidh sí inléite agus síneoidh sé í. Úsáidfear bileoga loga go dtí go gcuirfear socruithe tuairiscithe leictreonacha comhoiriúnacha chun feidhme.

41. Cuirfear na focail 'limistéir iascaireachta Oileáin Cook' isteach sna bileoga loga peas-saighne réigiúnacha Chomhphobal an Aigéin Chiúin / FFA i leith tréimhsí ina mbeidh an soitheach i limistéir iascaireachta Oileáin Cook.

42. Agus iad i limistéir iascaireachta Oileáin Cook, cuirfidh soithí de chuid an Aontais achoimre ar an tuarascáil ghabhála isteach gach 7 lá trí úsáid a bhaint as teimpléad tuarascála Uimh. 1 (CAT) i bhFoscríbhinn 2.

43. Seolfar cóipeanna de na bileoga loga tríd an ríomhphost chuig údarás inniúil Oileáin Cook laistigh de 14 lá tar éis imeacht as limistéir iascaireachta Oileáin Cook.

44. Seolfar na bunbhileoga loga chuig údarás inniúil Oileáin Cook laistigh de 7 lá oibre tar éis an chéad chuairt a thabhairt ar chalafort tar éis imeacht as limistéir iascaireachta Oileáin Cook

45. Seolfar cóipeanna de na bileoga loga go comhuaineach chuig institiúidí eolaíocha ábhartha an Aontais.

Tuarascálacha ar dhul isteach agus imeacht

46. Seolfaidh soithí de chuid an Aontais tuarascálacha ar dhul isteach agus imeacht tríd an ríomhphost chuig údarás inniúil Oileáin Cook 24 uair an chloig ar a laghad sula mbeartaíonn siad dul isteach i limistéir iascaireachta Oileáin Cook nó imeacht astu, agus úsáid á baint as teimpléid tuarascála Uimh. 2 (ZENT) agus Uimh. 3 (ZEXT) i bhFoscríbhinn 2.

Tabhairt i dtír

47. Is é Calafort Avatiu an calafort ainmnithe in Oileáin Cook le haghaidh gníomhaíochtaí tabhairt i dtír. Féadfaidh údarás inniúil Oileáin Cook gníomhaíochtaí tabhairt i dtír a údarú i gcalafoirt eile in Oileáin Cook. Cuirfear údarás inniúil an Aontais ar an eolas dá réir.

48. Soithí de chuid an Aontais ar mian leo gabhálacha a thabhairt i dtír i gcalafort ainmnithe Oileáin Cook/i gcalafoirt ainmnithe Oileáin Cook, cuirfidh siad an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid údarás inniúil Oileáin Cook 72 uair an chloig ar a laghad roimh ré:

    (a) an calafort ina ndéanfar an tabhairt i dtír;

    (b) ainm agus comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió an tsoithigh iascaireachta;

    (c) dáta agus am tabhairt i dtír;

    (d) an chainníocht ina kg, arna slánú go dtí an 100 kg is gaire, de réir speiceas atá le tabhairt i dtír;

    (e) staid phróiseáilte na dtáirgí.

49. Comhlánóidh soithí de chuid an Aontais foirm dhíluchtaithe agus cuirfidh siad faoi bhráid údarás inniúil Oileáin Cook í tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis an tabhairt i dtír a chur i gcrích agus, in aon chás, sula bhfágfaidh an soitheach an calafort.

Trasloingsiú

50. Soithí de chuid an Aontais a bheidh ag iarraidh éisc a thrasloingsiú, is laistigh de chalafoirt ainmnithe Oileáin Cook amháin, nó laistigh de limistéar arna chinneadh ag údarás inniúil Oileáin Cook, a dhéanfaidh siad amhlaidh. Toirmisctear trasloingsiú ar muir agus féadfar na pionóis dá bhforáiltear i ndlí Oileáin Cook a ghearradh ar aon duine a sháraíonn an fhoráil seo.

51. Cuirfidh soithí de chuid an Aontais an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid údarás inniúil Oileáin Cook 72 uair an chloig ar a laghad sula ndéanfar aon ghníomhaíocht trasloingsithe:

    (a) an calafort nó an limistéar ina ndéanfar an trasloingsiú;

    (b) ainm agus comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió an tsoithigh iascaireachta deontóra;

    (c) ainm agus comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió an tsoithigh iascaireachta glactha;

    (d) dáta agus am an trasloingsithe;

    (e) an chainníocht ina kg, arna slánú go dtí an 100 kg is gaire, de réir speiceas atá le trasloingsiú;

    (f) staid phróiseáilte an táirge.

52. Cuirfidh soithí de chuid an Aontais dearbhú trasloingsithe faoi bhráid údarás inniúil Oileáin Cook tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis an trasloingsiú a chur i gcrích agus, in aon chás, sula bhfágfaidh an soitheach deontóra an calafort nó an limistéar trasloingsithe.

Córas um fhaireachán soithí

53. Gan dochar do chumhachtaí an Bhallstáit brataí ná d'oibleagáidí soithí de chuid an Aontais i leith ionad faireacháin iascaireachta a mBallstáit brataí, comhlíonfaidh gach soitheach de chuid an Aontais na ceanglais de chuid Chóras FFA um Fhaireachán Soithí is infheidhme i limistéir iascaireachta Oileáin Cook.

Breathnóirí

54. Agus iad ag oibriú i limistéir iascaireachta Oileáin Cook, áiritheoidh soithí de chuid an Aontais go mbeidh an clúdach breathnóra i gcomhréir le bearta caomhnúcháin agus bainistíochta ábhartha WCPFC agus le reachtaíocht ábhartha Oileáin Cook.

55. Beidh breathnóir údaraithe ar bord soithí de chuid an Aontais ó Chlár Breathnóirí Réigiúnacha WCPFC nó beidh breathnóir ón gCoimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha (IATTC) ar bord arna údarú tríd an meabhrán tuisceana a comhaontaíodh idir WCPFC agus IATTC maidir le breathnóirí a thras-fhormhuiniú.

CAIBIDIL IV

RIALÚ

56. Comhlíonfaidh soithí de chuid an Aontais reachtaíocht náisiúnta Oileáin Cook maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta, chomh maith le bearta caomhnúcháin agus bainistíochta arna nglacadh ag WCPFC.

57. Nósanna imeachta um rialú

(a) Comhoibreoidh máistrí soithí de chuid an Aontais le haon oifigeach údaraithe ó Oileáin Cook arna shainaithint go cuí a dhéanann gníomhaíochtaí bordála agus cigireachta agus rialú ar ghníomhaíochtaí iascaigh.

(b) Gan dochar do dhlíthe Oileáin Cook, ba cheart bordáil agus cigireacht a dhéanamh ar bhealach inar féidir an t-ardán cigireachta agus na cigirí a shainaithint mar oifigigh údaraithe ó Oileáin Cook.

(c) Cuirfidh Oileáin Cook ar fáil d'údarás inniúil an Aontais liosta de na hardáin chigireachta uile a úsáidtear le haghaidh cigireachtaí ar muir. Ba cheart an méid seo a leanas, ar a laghad, a bheith sa liosta sin: (i) ainmneacha na soithí patróil iascaigh (FPV) a úsáidfear; (ii) mionsonraí na FPVanna a úsáidfear; agus (iii) grianghraif de na FPVanna a úsáidfear.

(d) Féadfaidh Oileáin Cook, arna iarraidh sin don Aontas nó do chomhlacht arna ainmniú aige, cead a thabhairt do chigirí an Aontais breathnú ar ghníomhaíochtaí soithí de chuid an Aontais, lena n-áirítear trasloingsiú, le linn cigireachtaí calafoirt nó cigireachtaí cois cladaigh.

(e) A luaithe a bheidh cigireacht curtha i gcrích agus an tuarascáil chigireachta sínithe ag an gcigire, cuirfear an tuarascáil ar fáil do mháistir an tsoithigh chun barúlacha a thabhairt agus chun í a shíniú. Beidh an síniú sin gan dochar do chearta na bPáirtithe i gcomhthéacs nósanna imeachta um shárú líomhnaithe. Tabharfar cóip den tuarascáil chigireachta do mháistir an tsoithigh sula bhfágfaidh an cigire an soitheach.

(f) Ní fhanfaidh cigirí ar bord níos faide ná mar is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh.

58. Máistrí soithí de chuid an Aontais a bheidh ag gabháil d'oibríochtaí tabhairt i dtír nó trasloingsithe, ceadóidh siad d'oifigigh údaraithe ó Oileáin Cook cigireacht a dhéanamh ar na hoibríochtaí sin agus éascóidh siad an chigireacht sin.

59. I gcás nach gcomhlíontar na forálacha san Iarscríbhinn seo maidir le faireachán iascaigh ná an córas um fhaireachán soithí agus rialú, forchoimeádann údarás inniúil Oileáin Cook an ceart údarú iascaireachta an tsoithigh chiontaigh a chur ar fionraí go dtí go mbeidh na nósanna imeachta ábhartha curtha i gcrích agus go mbeidh pionóis curtha i bhfeidhm. Cuirfear an Ballstát brataí agus údarás inniúil an Aontais ar an eolas láithreach agus gheobhaidh siad tuarascáil faoin gcás agus faoi aon phionós a cuireadh i bhfeidhm ar an soitheach de chuid an Aontais.

Forfheidhmiú

60. Pionóis

(a) Mura gcomhlíontar aon cheann de na forálacha a leagtar amach sa Phrótacal seo, de na bearta caomhnúcháin agus bainistíochta arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh ábhartha nó de dhlíthe náisiúnta Oileáin Cook, beifear faoi réir pionóis a chinnfear de réir dhlíthe náisiúnta Oileáin Cook.

(b) Cuirfear an Ballstát brataí agus údarás inniúil an Aontais ar an eolas láithreach agus go hiomlán faoi aon phionós agus faoi na fíorais ghaolmhara go léir.

(c) I gcás ina bhforchuirtear le pionós go ndéanfar údarú iascaireachta a chur ar fionraí nó a chúlghairm le linn na tréimhse bailíochta a bheidh fágtha den údarú iascaireachta ar tugadh an t-údarú ina leith, féadfaidh údarás inniúil an Aontais údarú iascaireachta eile a iarraidh, a bheadh infheidhme ar shlí eile, le haghaidh soitheach longúinéara eile.

61. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a ghabháil agus a choinneáil

(a) Cuirfidh Oileáin Cook údarás inniúil an Aontais agus an Ballstát brataí ar an eolas láithreach faoi ghabháil agus/nó coinneáil aon soithigh de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh faoin gComhaontú.

(b) Déanfaidh Oileáin Cook cóip den tuarascáil chigireachta, ina sonrófar imthosca agus cúiseanna na gabhála agus/nó na coinneála, a tharchur, laistigh de 48 n-uair an chloig i gcás inarb indéanta, chuig údarás inniúil an Aontais agus chuig an mBallstát brataí.

62. Nós imeachta chun faisnéis a mhalartú i gcás gabhála agus/nó coinneála

(a) Agus na spriocdhátaí agus na himeachtaí dlíthiúla dá bhforáiltear i ndlíthe náisiúnta Oileáin Cook maidir le gabháil agus/nó coinneáil á n-urramú, tionólfar cruinniú comhairliúcháin, ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 61, pointí (a) agus (b), a fháil, idir údaráis inniúla an Aontais agus Oileáin Cook. D'fhéadfadh rannpháirtíocht ionadaí ón mBallstát áirithe a bheith san áireamh leis sin.

(b) Ag an gcruinniú comhairliúcháin, malartóidh na Páirtithe aon doiciméadacht nó faisnéis ábhartha le chéile a chuidíonn le soiléiriú a thabhairt ar na fíorais. Cuirfear an longúinéir nó a ghníomhaire ar an eolas faoi thoradh an chruinnithe agus faoi aon bheart mar thoradh ar an ngabháil agus/nó ar an gcoinneáil.

63. Gabháil agus/nó coinneáil a réiteach

(a) Déanfar iarrachtaí réasúnta an sárú toimhdithe a réiteach go pras.

(b) I gcás socrú, cinnfear an méid a bheidh le híoc trí thagairt a dhéanamh do reachtaíocht náisiúnta Oileáin Cook. Mura féidir socrú den sórt sin a dhéanamh, cuirfear tús leis na himeachtaí dlíthiúla.

(c) Scaoilfear saor an soitheach iascaireachta de chuid an Aontais agus urscaoilfear a máistir a luaithe a chomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an socrú cairdiúil nó nuair a chuirfear na himeachtaí dlíthiúla i gcrích.

64. Cuirfear údarás inniúil an Aontais ar an eolas maidir le haon imeacht a thionscnófar agus maidir le haon phionós a ghearrfar.

Comhar chun iascaireacht NNN a chomhrac

65. Chun faireachán agus faireachas iascaigh agus an comhrac i gcoinne iascaireacht NNN a neartú, féachfaidh máistrí soithí de chuid an Aontais le haon soitheach iascaireachta eile in uiscí iascaireachta Oileáin Cook a thuairisciú.

66. Nuair a bhreathnaíonn an máistir ar shoitheach iascaireachta de chuid an Aontais soitheach iascaireachta atá i mbun gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina n-iascaireacht NNN, baileoidh sé an oiread faisnéise agus is féidir faoin soitheach sin agus faoina gníomhaíocht tráth a chonacthas í. Beidh tuarascálacha breathnóireachta le seoladh gan mhoill chuig údarás inniúil Oileáin Cook, agus cóip díobh chuig ionad faireacháin iascaireachta an Bhallstáit brataí.

67. Cuirfidh údarás inniúil Oileáin Cook faoi bhráid údarás inniúil an Aontais a luaithe is féidir aon tuarascáil bhreathnóireachta atá ina seilbh acu a bhaineann le soithí de chuid an Aontais atá i mbun gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina ngníomhaíocht iascaireachta NNN in uiscí iascaireachta Oileáin Cook.

CAIBIDIL V

PRIONSABAIL LENA RIALAÍTEAR COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA IASCAIRÍ AR BORD SOITHÍ DE CHUID AN AONTAIS

68. Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn 'úinéir soithigh iascaireachta' úinéir an tsoithigh iascaireachta nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir, an gníomhaire nó an cairtfhostóir lánchostais, a bhfuil an fhreagracht glactha aige, ó úinéir na loinge, as an long a oibriú, agus a bhfuil aontaithe aige, trí bhíthin an fhreagracht sin a ghlacadh, na dualgais agus na freagrachtaí uile a fhorchuirtear ar úinéirí soithí iascaireachta faoi théarmaí an Phrótacail seo, is cuma cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann eagraíocht nó daoine eile cuid de na dualgais nó de na freagrachtaí sin thar ceann úinéir an tsoithigh iascaireachta.

69. Na hiascairí a bheidh le tabhairt ar bord soithí de chuid an Aontais, comhlíonfaidh siad riachtanais reachtaíocht an Bhallstáit brataí lena dtrasuitear Treoir (AE) 2017/159 ón gComhairle ([1]), lena n-áirítear é sin a dhéanamh a mhéid a bhaineann le pasanna, leabhair mairneálaigh, deimhnithe leighis agus deimhnithe bunoiliúna.

70. Beidh na hiascairí a bheidh le tabhairt ar bord faoi mhír 69 in ann an teanga oibre a úsáidtear ar bord an tsoithigh iascaireachta a thuiscint agus orduithe agus treoracha a thabhairt sa teanga sin agus tuairisciú ar ais inti.

71. Déanfaidh an máistir liosta criú a tharraingt suas, an dáta a chur leis agus é a shíniú, ar liosta é a chomhlíonfaidh Foirm 5 de Choinbhinsiún IMO maidir le hÉascú Muirthráchta Idirnáisiúnta.

72. Diúltóidh an t-úinéir soithigh iascaireachta nó, diúltóidh an máistir thar ceann úinéar an tsoithigh iascaireachta, iascairí a ligean ar bord an tsoithigh mura gcomhlíonann na hiascairí sin na ceanglais a leagtar síos i bpointe 69.

73. Comhlíonfaidh na dálaí oibre faoina dtabharfar na hiascairí ar bord reachtaíocht an Bhallstáit brataí lena dtrasuitear Treoir (AE) 2017/159, lena n-áirítear iad a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le huaireanta oibre agus sosa, cearta aisdúichithe agus sábháilteacht agus sláinte cheirde.

74. I gcás gach iascaire a bheidh ag fónamh ar bord soitheach de chuid an Aontais, déanfaidh an t-iascaire agus an fostóir araon comhaontú oibre i scríbhinn a chaibidliú agus a shíniú. Comhlíonfaidh an comhaontú oibre sin reachtaíocht an Bhallstáit brataí lena dtrasuitear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2017/159.

75. Íocfaidh úinéir an tsoithigh iascaireachta na costais a bhaineann leis an luach saothair agus aon chostas saothair breise go díreach, nó, i gcás inar seirbhís phríobháideach sa mhargadh saothair é fostóir an iascaire, íocfaidh sé go hindíreach iad.

76. Íocfar pá ráthaithe míosúil nó rialta le hiascairí, trí aistriú bainc más féidir, gan beann ar mhéid iarbhír na n-iasc a ghabhtar agus/nó a dhíoltar. Socrófar é trí chomhaontú frithpháirteach idir úinéir an tsoithigh iascaireachta nó a ghníomhaire agus na hiascairí agus/nó a gceardchumainn nó a n-ionadaithe. I gcás nár tugadh aon chomhaontú cómhargála i gcrích, ní bheidh na téarmaí pá a dheonaítear d'iascairí níos measa ná na téarmaí a chuirtear i bhfeidhm ar chriú óna dtíortha ar leith ná ní bheidh siad, in imthosca ar bith, níos measa ná na téarmaí atá socraithe ag Fochoiste EIS um Pá Maraithe Choimisiún Comhpháirteach Muirí, in éagmais aon chaighdeán den sórt sin le haghaidh iascairí a ceapadh chun líontán sábhála idirnáisiúnta a sholáthar chun iascairí a chosaint agus obair chuibhiúil a áirithiú dóibh.

([1]) Treoir (AE) 2017/159 ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú i dtaca le cur chun feidhme Choinbhinsiún 2007 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hObair san Iascaireacht, a tugadh i gcrích an 21 Bealtaine 2012 idir an Coiste Ginearálta um Chomhar Talmhaíochta san Aontas Eorpach (Cogeca), Cónaidhm Oibrithe Iompair na hEorpa (ETF) agus Comhlachas Eagraíochtaí Náisiúnta na bhFiontar Iascaireachta san Aontas Eorpach (Europêche) (IO L 25, 31.1.2017, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/159/oj).

77. Ní bheidh ar iascairí aon chostas a bhaineann leis na híocaíochtaí a fhaigheann siad a sheasamh. Tabharfar caoi d'iascairí chun na híocaíochtaí uile a gheofar, nó cuid díobh, lena n-áirítear réamhíocaíochtaí, a sheoladh chuig a dteaghlach saor in aisce.

78. Gheobhaidh iascairí duillín pá ar gach luach saothair socraithe agus, má iarrann siad amhlaidh, cruthúnas gur íocadh a bpá.

Foscríbhinn 1

Laethanta iascaireachta agus laethanta neamhiascaireachta

Laethanta iascaireachta agus laethanta neamhiascaireachta a ríomh

Is iad Oileáin Cook a dhéanfaidh ríomh, faireachán agus bainistiú na laethanta iascaireachta agus na laethanta neamhiascaireachta a riar le Córas Comhtháite Bainistíochta Faisnéise Iascaigh na bPáirtithe i gComhaontú Nárú, nó le haon chóras bainistíochta faisnéise eile de réir mar a chinnfidh Oileáin Cook, i gcomhréir leis an bhFoscríbhinn seo.

1. Ciallaíonn 'lá iascaireachta' lá féilire, nó cuid de, nuair a dhéanann soitheach peas-saighne de chuid an Aontais aon iascaireacht le linn an lae féilire sin, nó le linn cuid de thréimhse 24 uair an chloig (00:00 - 24:00) an lae féilire sin, ar lena linn atá soitheach peas-saighne de chuid an Aontais in uiscí iascaireachta Oileáin Cook, ach ní áirítear leis lá féilire, nó cuid de lá féilire, a ainmnítear mar lá neamhiascaireachta.

2. Lá iascaireachta a ríomh

   (a) Má thuairiscíonn soitheach peas-saighne le linn aon lá iascaireachta ó shuíomhanna in uiscí iascaireachta Oileáin Cook, ainmneofar an lá iascaireachta sin de réir an ama iarbhír a chaitear in uiscí iascaireachta Oileáin Cook.

   (b) I gcás ina dtuairisceoidh soitheach peas-saighne a bheith in uiscí iascaireachta Oileáin Cook ar feadh tréimhse iomlán (00:00 - 24:00) lae féilire:

      (i) áireofar an lá féilire iomlán sin mar lá iascaireachta má dhéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta le linn an lae féilire sin;

      (ii) ní áireofar an lá féilire iomlán sin mar lá iascaireachta má chomhlíonann an soitheach na ceanglais maidir le lá neamhiascaireachta a leagtar amach i míreanna 3 go 6.

   (c) I gcás ina dtuairisceoidh soitheach peas-saighne a bheith in uiscí iascaireachta Oileáin Cook ar feadh tréimhse níos lú ná tréimhse iomlán (00:00 - 24:00) lae féilire:

      (i) áireofar an chuid sin de lá féilire mar lá iascaireachta páirteach má dhéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta in uiscí iascaireachta Oileáin Cook le linn na tréimhse sin;

      (ii) ní áireofar an chuid sin de lá féilire mar lá iascaireachta má chomhlíonann an soitheach na ceanglais maidir le lá neamhiascaireachta a leagtar amach i míreanna 3 go 6.

   (d) Ní asbhainfear laethanta iascaireachta i leith aon tréimhse arna caitheamh ag soitheach peas-saighne laistigh de chalafort de chuid Oileáin Cook.

(3) Ciallaíonn 'lá neamhiascaireachta', i gcás soithí údaraithe, aon lá nó cuid de lá a chaitear in uiscí iascaireachta Oileáin Cook nach ndéanann an soitheach aon iascaireacht lena linn ar aon cheann de na cúiseanna a leagtar amach i mír 5.

(4) Cuirfidh soithí údaraithe de chuid an Aontais éileamh maidir le laethanta neamhiascaireachta faoi bhráid údarás inniúil Oileáin Cook. Áireofar an méid seo a leanas i ngach éileamh maidir le lá neamhiascaireachta:

   (a) ainm an tsoithigh;

   (b) comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió;

   (c) dáta, am agus suíomh (domhanleithid/domhanfhaid) dul isteach in uiscí iascaireachta Oileáin Cook;

   (d) dáta, am agus suíomh (domhanleithid/domhanfhaid) an imeachta as uiscí iascaireachta Oileáin Cook;

   (e) dáta, am agus suíomh (domhanleithid/domhanfhaid) scoir de ghníomhaíocht iascaireachta;

(f) dáta, am agus suíomh (domhanleithid/domhanfhaid) atosú na gníomhaíochta iascaireachta;

(g) cúis shonrach le lá neamhiascaireachta mar a leagtar amach i mír 5.

5. Na cúiseanna sonracha nár tugadh faoi aon ghníomhaíocht iascaireachta

(a) Idirthuras ([1]). Ní cháilíonn idirthuras mar lá neamhiascaireachta murar seoladh chuig údarás inniúil Oileáin Cook roimh ré fógra go mbeidh an soitheach ar idirthuras, lena sonraítear an ceann scríbe idirthurais, an pointe dul isteach agus an pointe imeachta.

(b) Idirthuras agus gabháil iomlán déanta. Ní cháilíonn sé mar lá neamhiascaireachta murar seoladh fógra chuig údarás inniúil Oileáin Cook roimh ré gur scoir an soitheach de ghníomhaíochtaí iascaireachta. I gcás inar scoireadh de ghníomhaíochtaí iascaireachta, déanfar gach trealamh iascaireachta a stuáil, agus rachaidh an soitheach ar chúrsa díreach agus ar luas seasta go dtí an calafort cinn scríbe. Áireofar an méid seo a leanas san fhógra maidir le scoir de ghníomhaíochtaí iascaireacht: (i) ainm an tsoithigh; (ii) comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió; (iii) suíomh (domhanleithid/domhanfhaid) reatha; agus (iv) ainm an chalafoirt cinn scríbe.

(c) Drochaimsir. Ní cháilíonn sé mar lá neamhiascaireachta ach lá nach bhfuil an soitheach in ann socrú trealaimh a dhéanamh ná aon ghníomhaíocht iascaireachta eile a dhéanamh le linn na tréimhse 24 uair an chloig. Sonróidh captaen an tsoithigh an cineál drochaimsire: (i) gaotha láidre (scála …); (ii) farraigí garbha; agus (iii) drochaimsir a bhaineann le sruth.

(d) Feistí comhthiomsaithe éisc a chur in úsáid nó a aisghabháil. Ní cháilíonn sé mar lá neamhiascaireachta ach amháin mura ndéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta le linn na tréimhse 24 uair an chloig, faoi réir fíorúchán in aghaidh thuarascáil an bhreathnóra.

(e) Buncaeireacht. Ní cháilíonn sé mar lá neamhiascaireachta ach amháin mura ndéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta le linn na tréimhse 24 uair an chloig, faoi réir fíorúchán in aghaidh thuarascáil an bhreathnóra.

(f) Eangacha a dheisiú. Ní cháilíonn sé mar lá neamhiascaireachta ach amháin mura bhfuil ach deisiú eangach á dhéanamh ag an soitheach agus nach ndéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta le linn na tréimhse 24 uair an chloig.

(g) Cur glantacháin eangaí (trialach). Ní cháilíonn sé mar lá neamhiascaireachta ach amháin mura ndéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta le linn na tréimhse 24 uair an chloig, go socraítear an eangach ina líne dhíreach agus gan an pheas-sreang a bheith ceangailte di, faoi réir fíorúcháin in aghaidh thuarascáil an bhreathnóra.

(h) Cliseadh. Ní cháilíonn sé mar lá neamhiascaireachta ach sa chás gur chlis ar an soitheach, nach ndéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta le linn na tréimhse 24 uair an chloig, agus gurb é an cliseadh a choisc ar an soitheach iascaireacht a dhéanamh.

(i) Éigeandáil. Ní cháilíonn sí mar lá neamhiascaireachta ach amháin mura ndéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta le linn na tréimhse 24 uair an chloig, faoi réir fíorúcháin in aghaidh thuarascáil an bhreathnóra, agus go mbaineann an éigeandáil leo seo a leanas: (i) sláinte agus sábháilteacht an chriú; agus (ii) sábháilteacht an tsoithigh.

(j) Cuardach agus tarrtháil. Ní cháilíonn sé mar lá neamhiascaireachta ach amháin faoi réir fíorúchán in aghaidh thuarascáil an bhreathnóra agus údarás inniúil Oileáin Cook. Más é an toradh a bheidh ar an gcuardach agus an tarrtháil go bhfillfidh an soitheach ar an gcalafort, is gá don chaptaen údarás inniúil Oileáin Cook a chur ar an eolas roimh ré agus sonróidh sé an méid seo a leanas: (i) suíomh an tsoithigh; agus (ii) an calafort cinn scríbe.

Áiritheoidh soithí atá ag filleadh ar an gcalafort an méid seo a leanas: (i) go ndearnadh an trealamh iascaireachta go léir a stuáil; (ii) go dtéann an soitheach go díreach óna suíomh go dtí a calafort cinn scríbe; agus (iii) go leanfaidh an soitheach cúrsa díreach ar luas seasta.

Má dhéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta le linn don soitheach filleadh ar an gcalafort, nó má sháraítear aon cheann de na ceanglais a shonraítear i bpointí (a) go (j), is mar laethanta iascaireachta a chaithfear le laethanta uile an turais fillte.

6. Déanfar na tuarascálacha uile a tharchur chuig údarás inniúil Oileáin Cook tríd an seoladh ríomhphoist seo a leanas: licensing@mmr.gov.ck.

([1]) Déanfar an trealamh iascaireachta go léir de chuid an tsoithigh a stuáil sa chaoi nach mbeidís ar fáil go héasca le haghaidh iascaireachta; go sonrach, ísleofar an bumaile a mhéid is féidir ionas nach féidir an soitheach a úsáid le haghaidh iascaireachta, ach ionas go mbeidh rochtain ar an scif i gcásanna éigeandála; déanfar an héileacaptar, más ann dó, a cheangal síos; agus daingneofar na lainsí. Leanfaidh an soitheach cúrsa díreach ar luas seasta. Má dhéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta, nó má sháraítear aon cheann de na ceanglais thuas, is mar lá iascaireachta a chaithfear le gach lá a chaitear faoi bhealach.

Foscríbhinn 2

Teimpléid tuarascála

1. Achoimre ar an tuarascáil ghabhála (CAT)

Ábhar	Tarchur
Ceann scríbe na teachtaireachta	
Cód gníomhaíochta	CAT
Ainm an tsoithigh	
Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió	
Dáta agus am (AUL) na tuarascála	LL/MM/BBBB – UU:NN
An méid (Mt) iasc ar bord in aghaidh an speicis:	
An tuinnín buí (YFT)	(Mt)
An tuinnín mórshúileach (BET)	(Mt)
An boiníotó aigéanach (SKJ)	(Mt)
Eile (sonraigh)	(Mt)
An líon cur a rinneadh ón tuarascáil dheireanach	

2. Tuarascáil iontrála (ZENT)

Ábhar	Tarchur
Ceann scríbe na teachtaireachta	
Cód gníomhaíochta	ZENT
Ainm an tsoithigh	
Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió	
Suíomh an dul isteach	LT/LG
Dáta agus am (AUL) an dul isteach	LL/MM/BBBB – UU:NN
An méid (Mt) iasc ar bord in aghaidh an speicis:	
An tuinnín buí (YFT)	(Mt)

Ábhar	Tarchur
An tuinnín mórshúileach (BET)	(Mt)
An boiníotó aigéanach (SKJ)	(Mt)
Eile (sonraigh)	(Mt)

3. Tuarascáil imeachta (ZEXT)

Ábhar	Tarchur
Ceann scríbe na teachtaireachta	
Cód gníomhaíochta	ZEXT
Ainm an tsoithigh	
Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió	
Suíomh an imeachta	LT/LG
Dáta agus am (AUL) imeachta	LL/MM/BBBB – UU:NN
An méid (Mt) iasc ar bord in aghaidh an speicis:	
An tuinnín buí (YFT)	(Mt)
An tuinnín mórshúileach (BET)	(Mt)
An boiníotó aigéanach (SKJ)	(Mt)
Eile (sonraigh)	(Mt)

4. Déanfar na tuarascálacha uile a tharchur chuig an údarás inniúil Oileáin Cook tríd an seoladh ríomhphoist seo a leanas: licensing@mmr.gov.ck.

Foscríbhinn 3

Rialacha mionsonraithe cur chun feidhme maidir le cistí tacaíochta earnála

Trédhearcacht agus inrianaitheacht na gcistí tacaíochta earnála

1. Sa bhuiséad bliantúil a ghlacfaidh sé sainaithneoidh Oileáin Cook méid na ranníocaíochta airgeadais a bhaineann le tacaíocht earnála arna aistriú ag an Aontas chuig Oileáin Cook faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe. Agus é sin á dhéanamh acu, comhlíonfaidh Oileáin Cook a reachtaíocht náisiúnta maidir le smacht airgeadais agus bainistiú airgeadais.

Clársceidealú na gcistí tacaíochta earnála agus iad a chur chun feidhme

2. Forbróidh Oileáin Cook togra le haghaidh clár earnála ilbhliantúil chun úsáid a bhaint as na cistí tacaíochta earnála ar feadh ré chur i bhfeidhm an Phrótacail seo. Forbróidh Oileáin Cook freisin togra mionsonraithe le haghaidh clár earnála bliantúil chun úsáid a bhaint as na cistí tacaíochta earnála don chéad bhliain de chur i bhfeidhm den Phrótacal seo.

3. Díreofar sna cláir earnála ar roinnt gníomhaíochtaí a bheidh ailínithe le tosaíochtaí náisiúnta. Cuirfear san áireamh cumas Oileáin Cook úsáid na gcistí tacaíochta earnála a bhainistiú, a chur chun feidhme agus a thuairisciú.

4. Sainaithneofar an méid seo a leanas sna cláir earnála: (i) na spriocanna straitéiseacha; (ii) na gníomhaíochtaí a bheidh le maoiniú; (iii) na táscairí; (iv) na spriocanna bliantúla; (v) na cistí a leithdháilfear ar gach gníomhaíocht; agus (vi) na foinsí fíorúcháin.

5. Déanfaidh an Comhchoiste na tograí le haghaidh an chláir earnála ilbhliantúil agus le haghaidh an chéad chláir earnála bhliantúil a phlé, a leasú, más iomchuí, agus a ghlacadh le linn a chéad chruinnithe tar éis thús chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail. Tionólfar an chéad chruinniú sin tráth nach déanaí ná 120 lá ó thús chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo.

6. I gcás an dara bliain agus gach bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh Oileáin Cook clár earnála bliantúil faoi bhráid an Aontais tráth nach déanaí ná 30 lá roimh chruinniú an Chomhchoiste.

7. Beidh Oileáin Cook freagrach as cur chun feidhme na gclár earnála ilbhliantúil agus bliantúil arna nglacadh.

Faireachán, tuairisciú agus meastóireacht a dhéanamh ar chistí tacaíochta earnál

8. Déanfaidh Oileáin Cook dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme an chláir earnála.

9. Tabharfaidh Ataisé Iascaigh an Aontais a bheidh freagrach as Oileáin Cook cuairt ar Oileáin Cook go rialta chun measúnú a dhéanamh, i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta ábhartha, ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an gclár earnála ilbhliantúil a chur chun feidhme. Le linn na gcuairteanna sin, beidh rochtain thráthúil ag Ataisé Iascaigh an Aontais ar aon doiciméad a mheasann Ataisé Iascaigh an Aontais a bheith riachtanach chun an dul chun cinn a fhíorú. Ní áireofar leis an rochtain ar dhoiciméid faisnéis rúnda nó a bhaineann le leasanna náisiúnta.

10. Ullmhóidh Oileáin Cook tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn maidir leis an gclár earnála ilbhliantúil a chur chun feidhme. Cuirfidh siad faoi bhráid an Aontais iad tráth nach déanaí ná 30 lá roimh chruinniú an Chomhchoiste.

11. Tabharfar tuairisc sna tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn ar na gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme agus an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na spriocanna bliantúla a bhaint amach i gcás gach ceann de na táscairí roghnaithe. Tabharfar tuairisc iontu freisin ar aon deacracht a bhí ann, agus aon bheart ceartaitheach a rinneadh agus torthaí na mbeart ceartaitheach sin. Déanfar na foinsí fíorúcháin a liostaítear sa chlár earnála ilbhliantúil a chomhroinnt leis an gComhchoiste nuair is praiticiúil agus nuair is ábhartha.

12. Beidh leibhéal forghníomhaithe airgeadais na gcistí tacaíochta earnála sna tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn. I ndáil leis sin, déanfar an fhaisnéis maidir le cur chun feidhme an bhuiséid a bhaineann le húsáid chistí tacaíochta earnála an Aontais a chur ar fáil.

13. Soláthrófar sna tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn an fhaisnéis go léir a theastóidh ón gComhchoiste chun cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le heisíoc thráthchodanna bliantúla na gcistí tacaíochta earnála iardain.

14. Cuirfidh Oileáin Cook tuarascáil chríochnaitheach faoi bhráid an Chomhchoiste freisin, laistigh de 90 lá tar éis don Phrótacal seo dul in éag, maidir le cur chun feidhme na tacaíochta earnála dá bhforáiltear sa Phrótacal seo, chomh maith leis an tuarascáil bhliantúil chríochnaitheach ar dhul chun cinn.

15. I gcás inar gá, leanfaidh na Páirtithe d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na tacaíochta earnála tar éis don Phrótacal seo dul in éag nó tar éis é a chur ar fionraí. Déanfaidh siad aon fhaireachán den sórt sin i gcomhréir leis an bPhrótacal seo.

16. I gcás inar gá, féadfaidh an Comhchoiste a chomhaontú go ndéanfaidh Oileáin Cook measúireacht neamhspleách sheachtrach arna maoiniú ag na cistí tacaíochta earnála chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí an chláir earnála ilbhliantúil faoi na téarmaí tagartha a bheidh formheasta ag an gComhchoiste.

Critéir agus próiseas maidir le cistí tacaíochta earnála a eisíoc, a chur ar fionraí agus a aisghabháil

17. Íocfaidh an tAontas na cistí tacaíochta earnála le hOileáin Cook ina dtráthchodanna bliantúla.

18. Íocfar ina n-iomláine na cistí tacaíochta earnála don chéad bhliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail tráth nach déanaí ná 45 lá ón dáta a ghlacfaidh an Comhchoiste an clár earnála ilbhliantúil.

19. Ní íocfar na cistí tacaíochta earnála don dara bliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail seo ná do na blianta ina dhiaidh sin ach amháin má chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas.

— Gur cuireadh i gcrích aon iniúchadh airgeadais neamhspleách seachtrach arna chomhaontú ag an gComhchoiste agus arna mhaoiniú ag na cistí tacaíochta earnála.

— Go luafar an forghníomhú airgeadais agus glacadh 75 % nó níos mó den chistiú a fuarthas go dtí seo san fhaisnéis is déanaí a bheidh ar fáil faoi chur chun feidhme an bhuiséid.

— Go mbeidh gníomhaíochtaí tacaíochta earnála á gcur chun feidhme i gcomhréir leis an gclár earnála ilbhliantúil. Feidhmeoidh na táscairí a comhaontaíodh mar thagarmharc chun a chinneadh ar cuireadh gníomhaíocht chun feidhme nó an bhfuiltear á cur chun feidhme faoi láthair.

— Gur fhormheas an Comhchoiste an chéad chlár bliantúil tacaíochta earnála eile, i gcomhréir leis an gclár earnála ilbhliantúil, lena n-áirítear machnamh a dhéanamh ar chandam aon tráthchoda bliantúla atá coibhéiseach le dhá oiread shuim mhéid bliantúil na tacaíochta earnála de réir Airteagal 2(2), pointe (b), den Phrótacal seo a mhéadú.

20. Ní íocfar tráthchuid deiridh na gcistí tacaíochta earnála mura gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 19. Forghéillfear aon mhéid nach n-eisíocfaidh Oileáin Cook nó nach ngeallfaidh siad sula rachaidh an Prótacal seo in éag.

21. Forchoimeádann an tAontas an ceart chun eisíoc na gcistí tacaíochta earnála a athbhreithniú agus/nó a chur ar fionraí, go páirteach nó go hiomlán, má léirítear sa mheastóireacht bhliantúil a dhéanfaidh an Comhchoiste go bhfuil difríocht shuntasach idir na torthaí a fhaightear agus an clár earnála nó mura gcuirtear na cistí tacaíochta earnála chun feidhme de réir mar a chinnfidh an Comhchoiste.

22. Atosófar ar an ranníocaíocht airgeadais a bhaineann le tacaíocht earnála a íoc tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe agus tar éis don Chomhchoiste teacht ar chomhaontú nuair a bheidh údar cuí leis ar bhonn thorthaí chur chun feidhme an chlársceidealaithe ilbhliantúil a comhaontaíodh. Mar sin féin, ní fhéadfar an ranníocaíocht airgeadais shonrach dá bhforáiltear in Airteagal 2(2), pointe (b), a íoc amach tar éis don Phrótacal seo dul in éag.

23. Eisíocfar na cistí tacaíochta earnála i gcomhréir le córais bainistíochta airgeadais phoiblí Oileáin Cook. Is iad Oileáin Cook, agus iad sin amháin, a bheidh freagrach as bainistiú na n-acmhainní a aistreofar.

24. Féadfaidh Oileáin Cook cómhaoiniú na ngníomhaíochtaí a leagtar amach faoin gclár earnála ilbhliantúil a éascú. Tuairisceoidh siad ar aon chómhaoiniú sna tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn.

25. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach tabhairt faoi nós imeachta chun cistí tacaíochta earnála a íocadh le hOileáin Cook a aisghabháil, i gcás gníomhaíochtaí tacaíochta earnála nár cuireadh chun feidhme nó nár cuireadh chun feidhme i gcomhréir leis an bPrótacal seo agus i gcás nár tháinig an Comhchoiste ar chomhaontú. Leagtar an nós imeachta aisghabhála amach i bpointí (a) go (d) thíos.

    (a) Tarfaidh údarás inniúil an Aontais fógra foirmiúil d'údarás inniúil Oileáin Cook go bhfuil sé ar intinn aige méid sonraithe a aisghabháil agus leagfaidh sé amach na cúiseanna atá aige lena aisghabháil. Beidh Oileáin Cook in ann tuairimí, barúlacha agus/nó iarrataí ar shoiléiriú a chur isteach maidir leis an aisghabháil atá beartaithe laistigh de 30 lá ón dáta a gheofar an fógra.

    (b) Tar éis d'Oileáin Cook aon aighneacht a chur isteach, rachaidh na Páirtithe i mbun caibidlíocht de mheon macánta chun aon díospóid nó easaontas maidir leis an aisghabháil atá beartaithe a réiteach agus chun teacht ar chomhaontú maidir le haon ghníomhaíocht feabhais nó aon amlíne ar cuireadh síneadh léi.

    (c) Má chinneann an tAontas dul ar aghaidh leis an nós imeachta aisghabhála, tabharfaidh sé fógra foirmiúil d'Oileáin Cook faoin gcinneadh sin agus faoin mbunús a bheidh leis. Eiseoidh sé nóta dochair oifigiúil freisin, agus beidh an íocaíocht dlite laistigh de 30 lá. Mura ndéanann Oileáin Cook íocaíocht faoin dáta dlite sonraithe, aisghabhfaidh an tAontas an méid a bheidh dlite trína fhritháireamh in aghaidh aon mhéid a bheidh dlite d'Oileáin Cook ag an Aontas.

    (d) Is i gcásanna eisceachtúla agus cuí-réasúnaithe amháin, nó i gcás earráide, a fhéadfaidh an tAontas an méid nó sprioc-am na híocaíochta a mhodhnú, nó aisghabháil a tharscaoileadh, ar choinníoll go mbeidh na modhnuithe sin comhsheasmhach le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus na comhréireachta. Déanfar aon mhodhnú faoin bhforáil seo a dhoiciméadú agus a chur in iúl d'Oileáin Cook, mar aon leis an réasúnaíocht leis na hathruithe sin.

Athbhreithniú ar an gclár tacaíochta earnála

26. A luaithe a bheidh an clár earnála ilbhliantúil formheasta ag an gComhchoiste, ní fhéadfar aon leasú a bheartaítear air a mheas mura mbeidh údar cuí leis. Beidh formheas an Chomhchoiste ag teastáil le haghaidh leasuithe substainteacha lena ndéantar spriocanna straitéiseacha a scriosadh nó a leasú nó a chuireann leo. Cuirfear tograí le haghaidh leasuithe substainteacha den sórt sin faoi bhráid an Chomhchoiste i scríbhinn tráth nach déanaí ná 30 lá roimh chruinniú.

27. I gcás ina mbainfidh na leasuithe a mholtar le gníomhaíocht laistigh de na spriocanna straitéiseacha bunaithe a dhíothú nó le gníomhaíocht a chur leo nó i gcás ina mbainfidh siad le cistí a aistriú ó ghníomhaíocht amháin go gníomhaíocht eile arb ionann an t-aistriú agus níos mó ná 10 % de na cistí tosaigh a leithdháileadh ar an ngníomhaíocht sin, rachaidh Oileáin Cook i gcomhairle leis an Aontas i scríbhinn. Tabharfaidh an tAontas freagra ar an iarraidh sin laistigh de 30 lá ón dáta a gheofar an iarraidh. Tar éis comhairliúcháin ar bhonn na hiarrata, déanfaidh na Páirtithe cinneadh maidir leis an ngá le cruinniú urghnách den Chomhchoiste a thionól. Má chinneann na páirtithe nach gá cruinniú urghnách den Chomhchoiste a thionól, déanfar an leasú a comhaontaíodh a thaifeadadh go foirmiúil i miontuairiscí an chéad ghnáthchruinnithe eile den Chomhchoiste.

Infheictheacht an chláir tacaíochta earnála

28. Mura gcomhaontófar a mhalairt, áiritheoidh Oileáin Cook go mbeidh gach gníomhaíocht a chuirfear chun feidhme faoin gclár tacaíochta earnála faoi réir na mbeart iomchuí cumarsáide agus infheictheachta. Saineoidh Oileáin Cook na bearta sin i gcomhaontú leis an Aontas.

29. Leithdháilfear buiséad tiomnaithe le haghaidh bearta cumarsáide agus infheictheachta faoin gclár earnála ilbhliantúil.

30. Ar na bealaí ina ndéanfar gníomhaíochtaí faoi chlár tacaíochta earnála an Aontais a chur in iúl go soiléir beidh an méid seo a leanas:

    — fógra poiblí faoi thionscadail agus gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh;

    — tuarascálacha teilifíse agus raidió chomh maith le preaseisiúintí maidir le tionscadail agus gníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích;

— tuarascálacha agus staidéir a cuireadh i gcrích a dháileadh go poiblí;

— comharthaí infheictheachta an Aontais a úsáid;

— foireann Thoscaireacht an Aontais don Aigéan Ciúin a bheith rannpháirteach i searmanais oscailte, i gcomhdhálacha agus in imeachtaí eile;

— cuairteanna comhpháirteacha ó ionadaithe ó Oileáin Cook agus ón Aontas maidir le tionscadail agus gníomhaíochtaí allamuigh a chur chun feidhme.

Foscríbhinn 4

Próiseáil sonraí pearsanta

Sainmhínithe

1. Chun críocha na Foscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'sonraí pearsanta' aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó inaitheanta ('ábhar sonraí'); is éard atá i gceist le duine inaitheanta duine nádúrtha is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais nó sonraí suímh;

(b) ciallaíonn 'próiseáil' aon oibríocht nó tacar oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú;

(c) ciallaíonn 'údarás aistrithe' an t-údarás poiblí a sheolann sonraí pearsanta;

(d) ciallaíonn 'údarás is faighteoir' an t-údarás poiblí dá nochtar na sonraí pearsanta;

(e) ciallaíonn 'sárú i ndáil le sonraí pearsanta' sárú ar shlándáil as a dtagann díothú, caillteanas, athrú nó nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó go neamhdhleathach;

(f) ciallaíonn 'aistriú ar aghaidh' nuair a aistríonn páirtí is faighteoir sonraí pearsanta go heintiteas nach sínitheoir sa Phrótacal seo é ('tríú páirtí');

(g) ciallaíonn 'údarás maoirseachta' údarás poiblí neamhspleách atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Foscríbhinne seo, chun cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta.

Raon feidhme

2. Is iad na daoine a mbaineann an Prótacal seo leo, go háirithe, na daoine nádúrtha ar leo soithí iascaireachta, a ngníomhairí, na máistrí agus an criú atá ag fónamh ar bord soithí iascaireachta a oibríonn faoin bPrótacal seo.

3. Mar chuid de chur chun feidhme an Phrótacail seo, go háirithe a mhéid a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus an iascaireacht NNN a chomhrac, féadfar na sonraí seo a leanas a mhalartú agus a phróiseáil a thuilleadh:

(a) sonraí aitheantais agus teagmhála an tsoithigh;

(b) gníomhaíochtaí soithigh nó gníomhaíochtaí a bhaineann le soitheach, a suíomh agus a cuid gluaiseachtaí, agus a gníomhaíocht iascaireachta nó a gníomhaíocht a bhaineann leis an iascaireacht, arna mbailiú trí sheiceálacha, trí chigireachtaí nó ag breathnóirí;

(c) sonraí a bhaineann le húinéirí na soithí nó lena ngníomhaire, amhail ainmneacha, náisiúntacht, sonraí teagmhála gairmiúla agus cuntas bainc gnó;

(d) sonraí a bhaineann leis an ngníomhaire áitiúil, amhail ainm, náisiúntacht agus sonraí teagmhála gairmiúla;

(e) sonraí a bhaineann leis na máistrí soithigh agus le baill den chriú, amhail ainm, náisiúntacht, feidhm agus, i gcás an mháistir, sonraí teagmhála;

(f) sonraí a bhaineann leis na hiascairí a thugtar ar bord, amhail ainmneacha, sonraí teagmhála, oiliúint, deimhnithe sláinte.

Údaráis fhreagracha

4. Is iad an Coimisiún Eorpach agus údarás an Bhallstáit brataí, thar ceann an Aontais, agus an Aireacht Acmhainní Muirí, thar ceann Oileáin Cook, na húdaráis atá freagrach as na sonraí a phróiseáil.

Teorannú an chuspóra agus íoslaghdú na sonraí

5. Beidh na sonraí pearsanta arna n-iarraidh agus arna n-aistriú faoin bPrótacal seo leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá chun an Prótacal seo a chur chun feidhme. Ní dhéanfaidh na Páirtithe sonraí pearsanta a mhalartú faoin bPrótacal seo ach amháin chun críoch sonrach a leagtar amach sa Phrótacal seo.

6. Ní dhéanfar na sonraí pearsanta a fhaightear a phróiseáil chun críocha seachas na críocha dá dtagraítear i mír 5, é sin nó déanfar iad a anaithnidiú.

7. Arna iarraidh sin, cuirfidh an t-údarás is faighteoir an t-údarás aistrithe ar an eolas gan mhoill faoin úsáid a bhaintear as na sonraí pearsanta arna soláthar.

Cruinneas

8. Áiritheoidh na Páirtithe go mbeidh na sonraí pearsanta a aistrítear faoin bPrótacal seo cruinn agus ábhartha agus go dtabharfar cothrom le dáta iad go tráthrialta de réir mar is gá ar bhonn na faisnéise atá ag an údarás aistrithe. Má thugann ceann de na Páirtithe faoi deara go bhfuil na sonraí pearsanta arna n-aistriú nó arna bhfáil míchruinn, cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas faoi sin gan mhoill agus déanfaidh sé iad a cheartú agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá.

Teorannú stórála

9. Ní choinneofar sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá chun na críche dár malartaíodh iad. Coinneofar iad ar feadh uastréimhse i gcomhréir le dlíthe náisiúnta.

Slándáil agus rúndacht

10. Déanfar sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach lena n-áiritheofar a slándáil iomchuí, agus rioscaí sonracha a bhaineann leis an bpróiseáil á gcur san áireamh, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus ar chaillteanas timpisteach, díothú nó damáiste. Tabharfaidh na húdaráis atá freagrach as an bpróiseáil aghaidh ar aon sárú i ndáil le sonraí pearsanta agus déanfaidh siad na bearta uile is gá chun éifeachtaí díobhálacha na sáruithe sin a leigheas nó a mhaolú. Tabharfaidh an t-údarás is faighteoir fógra faoin sárú sin don údarás aistrithe a luaithe is féidir agus rachaidh an dá údarás i gcomhar le chéile de réir mar is gá agus go tráthúil ionas go mbeidh ar chumas gach Páirtí a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh, ar oibleagáidí iad a eascraíonn as sárú i ndáil le sonraí pearsanta faoina chreat dlíthiúil náisiúnta.

11. Geallann na Páirtithe bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an phróiseáil an Prótacal seo.

Ceartú nó léirscriosadh

12. Déanfaidh na húdaráis aistrithe na bearta réasúnta uile chun a áirithiú go ndéanfar sonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh go pras, de réir mar is iomchuí, mura gcomhlíonann an phróiseáil an Prótacal seo, agus go háirithe mura bhfuil na sonraí leordhóthanach, ábhartha nó cruinn nó má tá siad iomarcach i ndáil le cuspóir na próiseála.

13. Tabharfaidh na húdaráis aistrithe fógra do na húdaráis is faighteoir faoi aon cheartú nó léirscriosadh.

Trédhearcacht

14. Áiritheoidh an tAontas go gcuirfear na hábhair sonraí ar an eolas, trí bhíthin fógra aonair a thabhairt faoin bPrótacal seo agus tríd an bPrótacal seo a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin, faoi na catagóirí sonraí a aistreofar agus a phróiseálfar a thuilleadh, an bealach a ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil, an uirlis ábhartha arna húsáid le haghaidh an aistrithe, cuspóir na próiseála, tríú páirtithe nó catagóirí tríú páirtithe a bhféadfar an fhaisnéis a aistriú chucu a thuilleadh, na cearta aonair agus na sásraí atá ar fáil chun a gcearta a fheidhmiú agus sásamh a fháil agus na sonraí maidir leis an áit inar féidir leo imeachtaí a thionscnamh nó gearáin a dhéanamh.

Aistriú ar aghaidh

15. Ní aistreoidh an t-údarás is faighteoir sonraí pearsanta a fhaightear faoin bPrótacal seo chuig tríú páirtí ach amháin má tá údar leis sin de bharr cuspóir tábhachtach atá chun leasa an phobail agus má chomhlíontar na ceanglais eile a leagtar síos san Fhoscríbhinn seo, go háirithe a mhéid a bhaineann le teorannú de réir cuspóra agus íoslaghdú sonraí.

Cearta na n-ábhar sonraí

16. Beidh sé de cheart ag ábhair sonraí a iarraidh rochtain a thabhairt ar shonraí pearsanta, nó iad a cheartú nó iad a scriosadh i gcomhréir le dlíthe ábhartha gach Páirtí.

Maoirseacht

17. Thar ceann an Aontais, is é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a dhéanfaidh maoirseacht ar chomhlíonadh na próiseála ar shonraí pearsanta, i gcás ina dtagann an phróiseáil faoi inniúlacht an Choimisiúin, nó is iad na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta um chosaint sonraí a dhéanfaidh maoirseacht, i gcás ina dtagann sí faoi inniúlacht an Bhallstáit brataí.

18. Thar ceann Oileáin Cook, is í an Aireacht Acmhainní Muirí an t-údarás freagrach.

19. Is iad na húdaráis dá dtagraítear i míreanna 17 agus 18 a phléifidh le gearáin a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta faoin bPrótacal seo agus a réiteoidh iad ar bhealach éifeachtach tráthúil.

20. Féadfaidh ábhair sonraí sásamh a lorg faoi aon neamhchomhlíonadh i ndáil leis na coimircí a leagtar amach in Airteagal 12 agus san Fhoscríbhinn seo a mhéid a cheadaítear faoi dhlíthe ábhartha gach Páirtí.

Malartú faisnéise

21. Coinneoidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi aon ghearán a gheobhaidh siad maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin bPrótacal seo agus maidir lena réiteach.

Athbhreithniú

22. Cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi aon athrú ar a reachtaíocht a dhéanann difear do phróiseáil sonraí pearsanta.